**PREASEISIÚINT Uimh. 156/22**

**Lucsamburg, 20 Meán Fómhair 2022**

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCásanna Uamtha C-793/19 | SpaceNet agus C-794/19 | Telekom Deutschland

# Deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais go gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar shonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, ach amháin i gcás ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an tslándáil náisiúnta

*Chun coireacht thromchúiseach a chomhrac, féadfaidh na Ballstáit, áfach, ar choinníoll go bhfuil sé faoi réir dianchomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta, foráil a dhéanamh do choinneáil na sonraí sin ar bhonn spriocdhírithe agus/nó brostaithe agus do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach seoltaí IP*

Cuireann Spacenet agus Telekom Deutschland seirbhísí rochtana idirlín atá ar fáil go poiblí ar fáil sa Ghearmáin, agus cuireann Telekom Deutschland seirbhísí teileafóin ar fáil freisin. Thug siad agóid os comhair chúirteanna na Gearmáine i gcoinne na hoibleagáide a fhorchuirtear orthu le Dlí na Gearmáine maidir le teileachumarsáid (TKG) chun sonraí tráchta agus suímh a bhaineann le teileachumarsáid a gcustaiméirí a choinneáil ón 1 Iúil 2017.

Ceanglaítear le TKG, cé is moite d'eisceachtaí áirithe, ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí chun críocha cionta coiriúla tromchúiseacha a phionósú, nó chun baol nithiúil don tslándáil náisiúnta a chosc, coinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach, ar feadh roinnt seachtainí, de thromlach na sonraí tráchta agus sonraí suímh úsáideoirí deiridh na seirbhísí sin.

Tá Cúirt Chónaidhme Riaracháin na Gearmáine ag iarraidh a fháil amach an gcuirtear cosc le dlí an Aontais, arna léirmhíniú ag an gCúirt Bhreithiúnais[1], ar reachtaíocht náisiúnta den sórt sin.

Tagann amhras uirthi toisc go mbaineann an oibleagáid choinneála a leagtar síos le TKG le líon níos lú sonraí agus le tréimhse choinneála níos giorra (4 nó 10 seachtaine) ná mar a fhoráiltear sa reachtaíocht náisiúnta a bhí i gceist sna cásanna as ar eascair na breithiúnais roimhe sin. Leis na sonraíochtaí sin, laghdaítear an fhéidearthacht go bhféadfaí tátal an-mhionsonraithe a bhaint maidir le saol príobháideach na ndaoine ar coinníodh a gcuid sonraí. Thairis sin, áirithíonn TKG cosaint éifeachtach ar shonraí a choinnítear ar an mbaol go mbainfí mí-úsáid astu agus ar rochtain neamhdhleathach orthu.

**Le breithiúnas an lae inniu, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais a cásdlí roimhe seo.**

Tugann sí freagra ar Chúirt Chónaidhme Riaracháin na Gearmáine go gcuirtear cosc, le **dlí an Aontais, ar**

[1] Féach go háirithe breithiúnais an 5 Aibreán 2022 Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile, C-140/20 (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 2058/22), agus an 6 Deireadh Fómhair, La Quadrature agus páirtithe eile, C 511/18, C 512/18 agus C 520/18 (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 123/20).

**reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, mar bheart réamhchúraim, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc, do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí tráchta agus sonraí suímh.**

Ar an taobh eile, ní chuirtear cosc le dlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear don mhéid seo a leanas

— chun críocha slándáil náisiúnta a choimirciú, ordú a thabhairt do na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí chun sonraí tráchta agus sonraí suímh **a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach i gcásanna ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann ag tabhairt aghaidh ar bhagairt thromchúiseach ar an tslándáil *náisiúnta*** atá iarbhír faoi láthair nó is féidir a thuar. Féadfaidh ordú den sórt sin a bheith faoi réir grinnscrúdú éifeachtach ag cúirt nó ag eintiteas neamhspleách riaracháin agus ní fhéadfar é a eisiúint ach ar feadh tréimhse ama atá teoranta do théarma a bhfuil dianghá leis ach atá inathnuaite chun coireacht thromchúiseach a chomhrac;

– chun críocha slándáil náisiúnta a chosaint, coireacht thromchúiseach a chomhrac agus bagairtí *tromchúiseacha* ar an tslándáil phoiblí a chosc, do choinneáil sonraí tráchta agus sonraí suímh **ar bhonn spriocdhírithe**, ar bhonn gnéithe oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, de réir chatagóirí na n-ábhar sonraí nó trí bhíthin critéir gheografacha, ar feadh tréimhse ama atá teoranta go téarma a bhfuil dianghá leis ach atá inathnuaite;

– chun na gcríoch céanna, do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdheal aitheach seoltaí IP a shanntar d'fhoinse naisc idirlín ar feadh tréimhse atá teoranta ó thaobh ama de don mhéid a bhfuil fíorghá leis;

– chun críocha slándáil náisiúnta a choimirciú, coireacht a chomhrac agus slándáil phoiblí a chosaint, **do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí a bhaineann le stádas sibhialta úsáideoirí** na modhanna cumarsáide leictreonaí, agus

– chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus, a fortiori, chun bagairtí *tromchúiseacha* ar an tslándáil phoiblí a chosc, ordú a thabhairt do na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, go ceann tréimhse socraithe, **caomhnú brostaithe** ar na sonraí tráchta agus na sonraí suímh atá ag na soláthraithe seirbhísí seo.

Ní mór a áirithiú leis an reachtaíocht náisiúnta, le rialacha soiléire mionsonraithe, go gcoinneofar na sonraí atá i gceist i gcomhréir leis na coinníollacha substainteacha agus nós imeachta lena mbaineann agus go mbeidh cosaintí leordhóthanacha ag na hábhair sonraí i gcoinne an bhaoil go mbainfí mí-úsáid astu.

**Maidir le TKG**, tugann an Chúirt dá haire gur léir ón ordú tagartha go mbaineann an oibleagáid choinneála a leagtar síos leis an reachtaíocht sin, inter alia, leis na sonraí is gá chun foinse cumarsáide agus a ceann scríbe a shainaithint, dáta agus am thús agus dheireadh na cumarsáide nó, i gcás cumarsáide trí theachtaireacht SMS, ilmheáin nó teachtaireacht chomhchosúil, an t-am a seoladh agus a fuarthas an teachtaireacht agus, i gcás úsáid shoghluaiste, ainmniú na gceall a úsáideann an glaoiteoir agus an té ar a nglaoitear ag tús na cumarsáide.

I gcomhthéacs seirbhísí rochtana ar an idirlíon a sholáthar, baineann an oibleagáid choinneála, inter alia, leis an seoladh IP a shanntar ar an síntiúsóir, le dáta agus am thús agus dheireadh na húsáide idirlín ón seoladh IP atá sannta agus, i gcás úsáid shoghluaiste, le hainmniú na gceall a úsáidtear ag tús an naisc idirlín. Coinneofar freisin sonraí lenar féidir an suíomh geografach agus treonna radaíochta uasta na n-aeróg a fhónann don chill lena mbaineann a choinneáil.

Níl sna sonraí a bhaineann le seirbhísí ríomhphoist, cé nach bhfuil siad cumhdaithe ag an oibleagáid choinneála a leagtar síos leis an TKG, ach cuid an-bheag de na sonraí atá i gceist. Coinnítear sonraí úsáideoirí atá faoi réir rúndachta gairmiúla, amhail dlíodóirí, dochtúirí agus iriseoirí.

Dá bhrí sin, baineann an oibleagáid choinneála atá leagtha síos le TKG le sraith an-leathan sonraí tráchta agus suímh, arb ionann é, ó thaobh substainte de, agus iadsan is cúis leis an gcásdlí a luadh thuas roimhe seo.

**Maidir le sraith sonraí tráchta agus suímh** a choinnítear ar feadh deich seachtaine agus ceithre seachtaine faoi seach, **féadfar tátal an mhionsonraithe a bhaint astu maidir le saol príobháideach na ndaoine ar coinníodh a gcuid sonraí, amhail a nósanna laethúla, a n-áiteanna cónaithe buana nó sealadacha, a gcuid imeachtaí laethúla nó eile, na gníomhartha a dhéanann siad, a gcaidreamh sóisialta agus na timpeallachtaí sóisialta ina mbíonn siad, agus, go háirithe, féadfar próifíl na ndaoine sin a chur le chéile**.

Maidir leis na cosaintí dá bhforáiltear le TKG, arb é is aidhm dóibh na sonraí a choinnítear a chosaint ar bhaol mí-úsáide agus ar aon rochtain neamhdhleathach, tugann an Chúirt Bhreithiúnais dá haire go bhfuil coinneáil na sonraí sin agus an rochtain orthu éagsúil óna chéile mar chineáil chur isteach ar chearta bunúsacha na n-ábhar sonraí, lena n-éilítear údar ar leith. Tugtar le tuiscint uaidh sin nach bhféadfaí le reachtaíocht náisiúnta inti féin, ina ndearbhaítear lánurraim na gcoinníollacha de thoradh an chásdlí i dtaobh rochtain ar na sonraí a choinnítear, teorainn nó leigheas a chur le cur isteach tromchúiseach ar chearta na n-ábhar a leanfadh as coinneáil ghinearálta na sonraí.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó bínse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teangmháil phreasa : Amanda Nouvel ✆ (+352) 4303 2524.

Is féidir íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó : "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Bígí Linn!**